2026/2259

12.10.2026

# RIALACHÁN (AE) 2026/2259 ÓN gCOMHAIRLE

## an 9 Deireadh Fómhair 2026

## lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/44 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2026/2242 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2026 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1333 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle ([2]) tugtar éifeacht do na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle ([3]).

(2) Le Rún 2292 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (2016), údaraíodh Ballstáit na Náisiún Aontaithe, ag gníomhú dóibh go náisiúnta nó trí eagraíochtaí réigiúnacha, le cigireacht a dhéanamh, ar an mórmhuir amach ó chósta na Libia, ar aon soitheach a bhfuil forais réasúnacha acu chun a chreidiúint go bhfuil airm nó ábhar gaolmhar á n-iompar aici chuig an Libia nó ón Libia, go díreach nó go hindíreach, de shárú ar thrádbhac arm na Náisiún Aontaithe ar an Libia. Ina theannta sin, rinneadh foráil leis, ar aimsiú ítimí a thoirmeasctar leis an trádbhac arm ar an Libia le linn na gcigireachtaí sin, go ndéanfadh Ballstáit na Náisiún Aontaithe na hítimí sin a urghabháil agus a dhiúscairt.

(3) An 25 Samhain 2025, le Rún 2804 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (2025), cuireadh síneadh 6 mhí eile leis an údarú a leagadh amach ar dtús i Rún 2292 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (2016). Bhí feidhm ag an údarú sin go dtí an 25 Bealtaine 2026, ós rud é nár chuir Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe síneadh breise leis. Dá bhrí sin, ní mór na tagairtí i gCinneadh (CBES) 2015/1333 agus Rialachán (AE) 2016/44 d'oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh (EUNAVFOR MED IRINI) a bhaint.

(4) An 9 Deireadh Fómhair 2026, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2026/2242, ar cinneadh é lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1333 dá réir sin.

(5) D'fhonn cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an leasaithe a áirithiú sna Ballstáit uile, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2016/44 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

I Rialachán (AE) 2016/44, scriostar Airteagal 22a.

([1]) IO L, 2026/2242, 12.10.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2242/oj.
([2]) Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle an 18 Eanáir 2016 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 204/2011 (IO L 12, 19.1.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/44/oj).
([3]) Cinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle an 31 Iúil 2015 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/137/CBES (IO L 206, 1.8.2015, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/1333/oj).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 9 Deireadh Fómhair 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

S. HARRIS